Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2023
(OR. en)**

**13378/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0343(NLE)**

**ECOFIN 925
FIN 957
UEM 257**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 567 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 567 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 567 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.9.2023
COM(2023) 567 final

2023/0343 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia**

{SWD(2023) 319 final}

2023/0343 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSeicia an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 1 Meitheamh 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022 chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 30 Meitheamh 2023 chuir an tSeicia plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSeicia isteach, baineann siad le 59 beart.

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[2] ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1 .

(5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Seicia i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don tSeicia infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. Don tréimhse tar éis 2024, mhol an Chomhairle freisin straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú lena ndéanfaí comhdhlúthú de réir a chéile agus é inbhuanaithe, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe a chabhródh le fás inbhuanaithe níos airde, chun seasamh fioscach meántéarmach stuama a bhaint amach agus bearta a dhéanamh chun inbhuanaitheacht fhioscach fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a áirithiú, lena n-áirítear inbhuanaitheacht chóras na bpinsean. Thairis sin, mhol an Chomhairle go gcuirfeadh an tSeicia dlús le cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, trí acmhainneacht leordhóthanach riaracháin a áirithiú freisin, agus bailchríoch a chur go pras ar an aguisín, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, d'fhonn tús a chur go mear lena cur chun feidhme. Mhol an Chomhairle don tSeicia freisin soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a neartú, lena n-áirítear trí chreat reachtach sonrach a ghlacadh le haghaidh tithíocht shóisialta agus comhordú feabhsaithe idir comhlachtaí poiblí éagsúla chomh maith le tógáil aonad tithíochta nua a dhreasú mar aon le hathchóiriú na n-aonad atá ann cheana. Thairis sin, mhol an Chomhairle don tSeicia an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú, úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú, nósanna imeachta ceada a chuíchóiriú agus rochtain ar an eangach a dhéanamh níos éasca. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don tSeicia éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras téimh ceantair agus an stoic foirgneamh a mhéadú trí athchóirithe doimhne agus foinsí teasa in-athnuaite a dhreasú, trí rochtain riaracháin ar fhóirdheontais do theaghlaigh agus don tionscal araon a éascú, agus trí fhothú acmhainneachta agus scileanna in údaráis phoiblí. Ar deireadh, mhol an Chomhairle don tSeicia glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn agus borradh a chur faoi infhaighteacht an bhonneagair ardacmhainneachta luchtaithe agus athbhreoslaithe trí athchóirithe nua, chomh maith le dlús a chur leis na hiarrachtaí beartais lena ndírítear ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, próiseas a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán 2021/241***

(7) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an tSeicia isteach baintear naoi mbeart chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an tSeicia, toisc gur tháinig méadú ar an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 7 070 103 059[3] go EUR 7 673 717 943[4], gur iarr an tSeicia na

[3] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Seicia de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

hacmhainní breise atá ar fáil a úsáid chun comhpháirteanna nua a chur leis, bearta nua ar na comhpháirteanna atá ann cheana agus cur chun feidhme riachtanach na mbeart atá ann cheana a mhéadú d'fhonn an leibhéal uaillmhéine a mhéadú nó an boilsciú a chúiteamh.

(8) Tá comhpháirteanna nua sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe: 1.7 (Claochlú Digiteach Riaracháin Phoiblí), athchóiriú 1 faoi chomhchuid 2.10 (Tithíocht Inacmhainne), 4.1 (Tacaíocht shistéimeach d'infheistíocht phoiblí) agus 5.3 (éiceachóras Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a bhainistítear go straitéiseach agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta). Tá ceithre bheart i gComhchuid 1.7 (Claochlú Digiteach Riaracháin Phoiblí): infheistíocht chun réimsí comhlachtaí poiblí a aontú agus ardán foghlama a bhunú; infheistíocht i gcóras bainistíochta na seirbhísí digitithe; infheistíocht chun ionad teagmhála nua riaracháin phoiblí a chruthú agus infheistíocht chun bonneagar sonraí lárnach a chruthú. I gComhchuid 2.10 (Tithíocht Inacmhainne) tá beart amháin curtha leis ar bhonn an leithdháilte mhéadaithe: athchóiriú chun inacmhainneacht tithíochta a mhéadú trí chreat reachtach nua-aimseartha cothrom a ghlacadh agus a chur chun feidhme; Tá ceithre bheart i gComhchuid 4.1 (Tacaíocht shistéimeach d'infheistíocht phoiblí): athchóiriú chun tacaíocht mhodheolaíoch a chur ar fáil chun tionscadail a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais; athchóiriú chun tacaíocht mhodheolaíoch a chur ar fáil d'infheistíocht phoiblí agus í a nuachóiriú; athchóiriú chun tacaíocht airgeadais a thabhairt d'ullmhú tionscadal i gcomhréir le cuspóirí an Aontais; athchóiriú chun éifeachtacht an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a mhéadú agus chun cur chun feidhme an Phlean sin a fheabhsú. Tá beart amháin i gComhchuid 5.3 (éiceachóras Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a bhainistítear go straitéiseach agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta): athchóiriú lena n-áirítear inniúlachtaí faisnéise straitéiseacha a neartú don bheartas Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta sa tSeicia, clár barr feabhais a chruthú, agus treoirlíne mhodheolaíoch a ghlacadh chun tacaíocht do Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht a dheonú.

(9) Tá bearta nua sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe faoi chomhchuid 2.9 (Bithéagsúlacht agus an comhrac in aghaidh an truaillithe a chur chun cinn), 3.3 (Seirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh Saothair a Nuachóiriú), agus 5.2 (Tacaíocht do Thaighde agus Forbairt i gCuideachtaí agus Nuálaíocht i gCleachtas Gnó a thabhairt isteach). Baineann na bearta sin le hathchóiriú arb é is aidhm dó bainistiú agus pleanáil chomhtháite tírdhreacha a fhorbairt, athchóiriú chun feabhas a chur ar shaoráidí cúraim shóisialta do leanaí atá i mbaol agus infheistíocht chun an bonneagar i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol a fhorbairt agus a nuachóiriú; infheistíocht chun tacú le Taighde agus Forbairt i bhfiontair i gcomhréir le straitéis náisiúnta RIS3, infheistíocht chun tacú le Taighde agus Forbairt i réimse an iompair, agus infheistíocht chun tacú le Taighde agus Forbairt i réimse an chomhshaoil.

(10) Thairis sin, athraíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an tSeicia isteach bearta faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí), 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí), 2.9 (Bithéagsúlacht agus an comhrac in aghaidh an truaillithe a chur chun cinn), 3.2 (na Cláir Scoile a Oiriúnú), 3.3 (Seirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh Saothair a Nuachóiriú) agus 4.4 (Éifeachtúlacht an Riaracháin Phoiblí a Fheabhsú) chun an ranníocaíocht uasta

---

[4] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Seicia de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

airgeadais nuashonraithe a léiriú. Go sonrach, sprioc 24 d'infheistíocht 3 (An Chibearshlándáil) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí), sprioc 109 d'infheistíocht 3 (Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh poiblí) faoi chomhchuid 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí); garsprioc 179 agus sprioc 180 d'infheistíocht 1 Forbairt a dhéanamh ar phríomhláithreáin acadúla roghnaithe faoi chomhchuid 3.2 (Cláir Scoile a Oiriúnú); maidir le spriocanna 189, 190 agus 191 d'infheistíocht 2 (Inniúlacht na saoráidí réamhscoile a mhéadú) agus spriocanna 196 agus 197 d'Infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú) faoi chomhchuid 3.3 (Seirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh Saothair a Nuachóiriú), agus an sprioc nua 289 d'athchóiriú 1 (Éifeachtúlacht mhéadaithe, treoshuíomh fabhrach agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaise-bhunaithe sa riarachán poiblí) faoi chomhchuid 4.4 (Éifeachtúlacht an Riaracháin Phoiblí a Fheabhsú) chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a mhéadú i gcomparáid leis an bplean bunaidh chun an leithdháileadh méadaithe a léiriú.

(11) Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú chun na hathruithe thuas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chur san áireamh.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241***

(12) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSeicia isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 58 mbeart.

(13) Mhínigh an tSeicia nach féidir seacht mbeart a bhaint amach a thuilleadh, toisc go bhfuil fadhbanna ann lena gcur chun feidhme mar thoradh ar shuaitheadh sa slabhra soláthair, rud a imríonn tionchar ar na garspriocanna agus spriocanna gaolmhara. Baineann sé sin leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí seo a leanas. Mar thoradh ar mhoilleanna ó thaobh na gconraitheoirí de, is gá cur chun feidhme gharsprioc 21 d'infheistíocht 2 (Cláir lárnacha agus saoráidí do ríomhsheirbhísí rialtais a fhorbairt) a chur siar faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí). Mar gheall ar leas íseal ó sholáthróirí, is gá síneadh bliana a chur leis an sprioc-am maidir le sprioc 91 d'infheistíocht 3 (Tacaíocht do Bhonneagar iarnróid) faoi chomhchuid 2.1 (Iompar Inbhuanaithe). De bharr an éilimh mhóir ar leictriú an iompair phoiblí san Eoraip, bhí gá le cur chun feidhme sprioc 116 d'infheistíocht 1 (Bonneagar tógála d'iompar poiblí i gcathair Phrág) faoi chomhchuid 2.4 (Soghluaisteacht ghlan) a chur siar go ceann leathbhliana. De bharr fadhbanna sa slabhra soláthair sa thionscal gluaisteán, is gá an tosaíocht a athrú ó rothair leictreacha lasta go rothair leictreacha agus sprioc 119 d'infheistíocht 4 (Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí (leictreacha, H2, rothair) do chuideachtaí príobháideacha) faoi chomhchuid 2.4 (Soghluaisteacht ghlan). Mar gheall ar an staid atá ag dul in olcas san earnáil tógála, tá gá le síneadh bliana amháin a chur leis an spriocdháta de spriocanna 137 agus 138 d'infheistíocht 3 (Comhdhlúthú Talún) faoi chomhchuid 2.6 (Cosaint an Dúlra agus Oiriúnú don Athrú Aeráide). I ngeall ar shuaitheadh i slabhraí luacha na hearnála tógála arb é an cogadh san Úcráin is cúis leo, bhí gá le síneadh a chur leis an spriocdháta cur chun feidhme maidir le spriocanna 189, 190 agus 191 d'infheistíocht 2 (Inniúlacht na saoráidí réamhscoile a mhéadú) agus spriocanna 194, 195, 196 agus 197 d'infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú na Seirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh Saothair). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna thuasluaite, agus an tosaíocht a athrú ó

rothair leictreacha lasta go rothair leictreacha i sprioc 119. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(14) Mhínigh an tSeicia nach féidir 15 bheart a bhaint amach a thuilleadh ina bhformáid bhunaidh, mar gheall ar an mboilsciú ard. Mar gheall ar an méadú ar phraghsanna le haghaidh seirbhísí mapála agus trealamh teicniúil, d'iarr an tSeicia acmhainní a ath-leithdháileadh le haghaidh athchóiriú 1 (Feabhas a chur ar an timpeallacht chun líonraí cumarsáide leictreonaí a chur in úsáid) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí digiteacha ardacmhainneachta). De bharr an mhéadaithe thapa ar phraghsanna sócmhainní TF, d'iarr an tSeicia an tuairisc a leasú agus sprioc 58 d'infheistíocht 6 a leasú (Tionscadail iarratais taispeántacha 5G le haghaidh cathracha agus ceantair thionsclaíocha) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua). De bharr chostas méadaithe na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha, d'iarr an tSeicia sprioc 119 d'infheistíocht 4 a laghdú (Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí (leictreacha, H2, rothair leictreacha lasta) le haghaidh cuideachtaí príobháideacha) faoi chomhchuid 2.4 (Soghluaisteacht ghlan). Mar thoradh ar phraghsanna arda fuinnimh, tá éileamh níos ísle ar athchóirithe doimhne agus éileamh níos airde ar athsholáthar na foinse téimh, agus mar fhreagairt ar an éileamh athraitheach a d'iarr an tSeicia spriocanna 125 agus 126 d'infheistíocht 1 a laghdú (Athchóiriú agus athbheochan foirgneamh le haghaidh coigilteas fuinnimh) faoi chomhpháirt 2.5 (Athchóiriú foirgneamh agus cosaint aeir). De bharr costais mhéadaithe san earnáil tógála, d'iarr an tSeicia sprioc 133 d'infheistíocht 1 a laghdú (Cosaint ar thuilte) faoi chomhchuid 2.6 (Cosaint an Dúlra agus Oiriúnú don Athrú Aeráide). Mhínigh an tSeicia go sonrach go bhfuil tionchar ag costas méadaithe na tógála ar chur chun feidhme roinnt beart. Baineann sé sin, faoi seach, le sprioc 39 d'infheistíocht 1 (Nascacht ardacmhainneachta a fhorbairt), sprioc 40 d'infheistíocht 2 (Conairí 5G a chlúdach agus forbairt 5G a chur chun cinn) agus sprioc 44 d'infheistíocht 3 (Tacú le forbairt bonneagair shoghluaiste 5G i limistéir bhána dhiana infheistíochta tuaithe) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardacmhainneachta); spriocanna 103 agus 104 d'infheistíocht 1 (Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit) agus sprioc 108 d'infheistíocht 3 (Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh poiblí) faoi chomhchuid 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí); spriocanna 154 agus 155 d'infheistíocht 1 (Tacaíocht d'athbheochan réimsí sonracha), agus spriocanna 156 agus 157 d'infheistíocht 2 (Tacaíocht d'athbheochan limistéar atá faoi úinéireacht phoiblí le haghaidh úsáid nach mbaineann le gnó) faoi chomhchuid 2.8 (Athbheochan Láithreán Athfhorbraíochta); sprioc 163 d'infheistíocht 2 (Bainistiú uisce báistí i gceirtleáin uirbeacha) faoi chomhchuid 2.9 (An Bhithéagsúlacht agus an Comhrac in aghaidh an Triomaigh a chur chun cinn); garsprioc 179 agus sprioc 180 d'infheistíocht 1 (Príomhláithreáin acadúla roghnaithe a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.2 (Cláir Scoile a oiriúnú); agus spriocanna 194, 195 agus 197 d'infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú) faoi chomhchuid 3.3 (Seirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh Saothair a Nuachóiriú). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia an uaillmhian a laghdú maidir le garspriocanna agus spriocanna 39, 40, 44, 103, 104, 108, 133, 154, 155, 156, 157, 163, 179, 180, 194, 195, 197. D'iarr an tSeicia freisin síneadh a chur le sprioc-am cur chun feidhme spriocanna 103 agus 104. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(15) Mhínigh an tSeicia nach féidir 17 mbeart a bhaint amach a thuilleadh toisc gur gá gnéithe áirithe de na bearta a mhodhnú nó a thréigean chun réitigh níos leordhóthanaí nó níos éifeachtúla a chur chun feidhme mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó teicniúla gan choinne. Chun an beart a ailíniú leis an ngníomh dlíthiúil nuashonraithe

agus mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme TF na dtionscadal, d'iarr an tSeicia an tuairisc ar spriocanna 5 agus 6 d'athchóiriú 2 (ríomhsheirbhísí sláinte) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí) a leasú. D'ainneoin uaillmhian an rialtais, bhí roinnt moilleanna ann maidir le glacadh an ghnímh cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, rud a chuir moill ar chur chun feidhme gharsprioc 7, agus mar thoradh ar shaincheisteanna teicniúla tá moill mhór ar chur chun feidhme gharsprioc 8 agus sprioc 10 d'infheistíocht 1 (Seirbhísí Digiteacha d'úsáideoirí deiridh) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí). Bhí fadhbanna teicniúla ann freisin maidir le rochtain ar shonraí staidrimh le haghaidh gharsprioc 11 d'infheistíocht 2 (Sonraí oscailte agus sonraí poiblí a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí). Mar thoradh ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne maidir le tionscadail TF a chur chun feidhme, leasaíodh garsprioc 16 agus leasaíodh sprioc 19 d'infheistíocht 1 (Córais faisnéise aonair a fhorbairt agus a fheabhsú) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí) agus bhí moill uirthi. Maidir leis an tionscadal atá beartaithe i ngarsprioc 50 d'infheistíocht 1 (an Lárionad Eorpach Barr Feabhais san Intleacht Shaorga 'ar mhaithe le sábháilteacht agus slándáil na saoránach') faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua), níor bronnadh an Séala Barr Feabhais air is gá chun páirt a ghlacadh sa líonra uile-Aontais, agus dá bhrí sin baineadh an garsprioc de. Mar gheall ar mhoilleanna ar an gclár ar leibhéal an Aontais, ní mór an líon cuideachtaí a fhaigheann tacaíocht a laghdú chun amlíne chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a bhaint amach, is é sin garsprioc 55 agus sprioc 56 d'infheistíocht 5 (Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blocshlabhra (EBSI) — bannaí DLT le haghaidh maoiniú FBManna) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua). De bharr na moille ar fhormheas reachtaíocht an Aontais maidir leis an intleacht shaorga, is gá an spriocdháta a chur siar agus raon feidhme gharsprioc 64 agus sprioc 65 d'infheistíocht 11 (Boscaí gainimh rialála i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua) a leasú. Níor bronnadh aon ionaid taighde ar thionscadail atá beartaithe i sprioc 70 d'infheistíocht 2 (an tSaoráid Eorpach Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta) faoi chomhchuid 1.5 (Claochlú Digiteach na bhFiontar), dá bhrí sin, d'iarr an tSeicia an tuairisc a leasú agus ionaid taighde a bhaint de liosta na dtairbhithe deiridh. De bharr forbairtí fíorasacha agus dlíthiúla gan choinne a bhaineann leis an ngéarchéim i bpraghsanna fuinnimh, is gá spriocdháta na staidéar agus na dtuarascálacha a chur siar, ar staidéir agus tuarascálacha iad a úsáidfear chun aistriú Phoblacht na Seice chuig foinsí fuinnimh ghlain a phleanáil, agus dá bhrí sin d'iarr an tSeicia amlíne gharsprioc 110 d'athchóiriú 1 (Nuachóiriú ar dháileadh teasa i gcórais téimh ceantair) agus amlíne gharsprioc 111 d'athchóiriú 2 (Nuachóiriú ar dháileadh teasa i gcórais téimh ceantair) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú chuig Foinse Fuinnimh Níos Glaine) a chur siar. Mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne agus soiléiriú ar chineál na dtionscadal, d'iarr an tSeicia na tuairiscí ar an infheistíocht agus ar spriocanna 132 agus 133 d'infheistíocht 1 (Cosaint ar thuilte), agus ar sprioc 136 d'infheistíocht 2 (Cúrsaí uisce beaga agus taiscumair uisce) faoi chomhchuid 2.6 (Cosaint an Dúlra agus Oiriúnú don Athrú Aeráide) a leasú. Athraíodh Sprioc 183 d'infheistíocht 2 (Daltaí a theagasc) faoi chomhchuid 3.2 (Na Cláir Scoile a Oiriúnú) agus sprioc 187 d'infheistíocht 3 (Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.3 (Athchóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus Forbairt an Mhargaidh

Saothair) mar gheall ar an margadh saothair daingean, cur go láidir i gcoinne ualach riaracháin agus inniúlacht neamhleor cuideachtaí oiliúint a chur ar fhostaithe. De bharr nach ionann an acmhainn ionsúcháin atá ann ná mar a bhíothas ag súil leis, d'iarr an tSeicia an leithdháileadh ar na cineálacha éagsúla tionscadal a fhaigheann tacaíocht i sprioc 230 d'infheistíocht 4 (Cabhair do thaighde agus forbairt in éifeachtaí sineirge leis an gCreatchlár um Thaighde agus um Nuálaíocht) faoi chomhchuid 5.2 (Tacaíocht do Thaighde agus Forbairt i gCuideachtaí agus Nuálaíochtaí a thabhairt isteach i gCleachtas Gnó). Níl an t-oibreoir a luaitear go sainráite i sprioc 233 d'infheistíocht 1 (Cruthú an Lárionaid Dian-Insamhalta Leigheas agus barrfheabhsú an chórais oideachais) faoi chomhchuid 6.1 (Athléimneacht an Chórais Sláinte a Mhéadú) in ann na seirbhísí riachtanacha a sholáthar a thuilleadh, agus dá bhrí sin d'iarr an tSeicia ainm an oibreora a bhaint. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia garspriocanna agus spriocanna 5, 6, 8, 10, 16, 55, 56, 70, 132, 133, 136, 183, 187, 230, 233 a leasú; chun síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme gharspriocanna nó spriocanna 7, 55, 56, 110, 111, 133, 230; chun sprioc 133 a laghdú agus garspriocanna 50 agus 67 a bhaint. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(16) Mhínigh an tSeicia nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh laistigh dá n-amlíne bhunaidh toisc gur thug an Roinn um Beartas Tearmainn agus Imirce tús áite don ghá dídeanaithe ón Úcráin a chomhtháthú, rud a d'fhág go raibh moill shuntasach ar chur chun feidhme an bhirt. Baineann sé sin le sprioc 17 d'infheistíocht 1 (Córais faisnéise aonair a fhorbairt agus a fheabhsú) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme na sprice réamhluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(17) Mhínigh an tSeicia go ndearnadh ceithre bheart a mhodhnú toisc nach meastar a thuilleadh go bhfuil gá le tionscadail a bhaineann le COVID-19. Mar gheall ar dheireadh gan choinne na paindéime agus téarnamh eacnamaíoch tapa níl éileamh a thuilleadh ar na bearta i ngarsprioc 8 d'infheistíocht 1 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí); sprioc 53 d'infheistíocht 3 (Aistriú dea-chleachtas eachtrach agus fios gnó le haghaidh faireachán ar an gclaochlú digiteach agus taighde ar éifeachtaí socheacnamaíocha na géarchéime (Institiúid Samuel Neaman)), sprioc 54 d'infheistíocht 4 (Ardán Oiliúna um Bainistíocht FBManna don Chlaochlú Digiteach tar éis COVID-19) agus sprioc 59 d'infheistíocht 7 (Cláir um Uasghrádú na Seice) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia roghanna malartacha níos oiriúnaí a chur in ionad tionscadail a bhaineann le COVID faoi gharsprioc 8, spriocanna 53 agus 54 a bhaint, agus an uaillmhian a laghdú agus an tuairisc ar sprioc 59 a leasú. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(18) Mhínigh an tSeicia go ndearnadh 15 bheart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun bun-uaillmhian an bhirt a bhaint amach. Is féidir Sprioc 12 d'infheistíocht 2 (Sonraí oscailte agus sonraí poiblí a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí) a chur chun feidhme ag céim níos luaithe. Leasaíodh garsprioc 28 d'athchóiriú 2 (Córais a fhorbairt a thacaíonn le ríomhsheirbhísí sláinte) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí) chun sineirgí a chur san áireamh i gcur chun feidhme an tionscadail TF a eascraíonn as oifigí sláintíochta réigiúnacha a chumasc in aon oifig amháin. Leasaíodh sprioc 41 d'infheistíocht 2 (Conairí 5G a chlúdach agus forbairt 5G

a chur chun cinn) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardacmhainneachta) chun téarma teicniúil níos cruinne a léiriú a aistrítear go trealamh tacair traenach seachas vaigíní aonair, rud a fhágann go mbeidh réiteach níos éifeachtúla ann. Faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua), leasaíodh garsprioc 47 d'athchóiriú 1 (Athchóiriú institiúideach ar an gcóras bainistíochta le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh lena n-áirítear straitéis RIS 3) ós rud é gur féidir an cuspóir a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla agus le níos lú acmhainní trí úsáid a bhaint as foinse eolais chomhaltaí an ghrúpa, rinneadh garsprioc 48 agus sprioc 49 d'athchóiriú 2 (An Grúpa Comhpháirteach um Thacaíocht agus Deimhniú Teicneolaíochtaí Straitéiseacha leis an mBord um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha) a leasú chun an cuspóir céanna a bhaint amach le roghanna malartacha níos fearr trí fhaisnéis a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus trí oiliúint a chur ar fáil maidir le próisis deimhniúcháin i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh, agus rinneadh garsprioc 61 agus sprioc 62 d'infheistíocht 9 (Cistí le chun infheistíochtaí réamhbhunaithe, teicneolaíochtaí straitéiseacha agus seach-chuideachtaí ollscoile a fhorbairt ) a leasú chun an déine cabhrach agus an struchtúr a ailíniú níos fearr le cineál na n-infheistíochtaí caipitil fiontair. Is féidir sprioc 71 d'infheistíocht 3 (Claochlú digiteach na gcuideachtaí monaraíochta agus neamhtháirgthe agus méadú a n-athléimneachta) faoi chomhchuid 1.5 (Claochlú Digiteach na bhFiontar) a bhaint amach trí leithdháileadh níos ísle toisc go raibh an déine cabhrach a iarradh níos ísle ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Leasaíodh garsprioc 73 agus sprioc 74 d'athchóiriú 1 (Cur chun feidhme an dlí nua tógála agus an dlí criosaithe go praiticiúil) agus garsprioc 75 d'infheistíocht 1 (Cruthú lárchórais nua faisnéise ('AIS')) faoi chomhchuid 1.6 (Dlús a chur leis an bPróiseas Foirgníochta agus Digitiú) chun struchtúr nua na n-údarás foirgníochta a léiriú, struchtúr atá níos fearr ná Oifig Foirgníochta Uachtarach amháin. Leasaíodh Sprioc 106 d'infheistíocht 2 (Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh na gcóras soilsithe poiblí) faoi chomhchuid 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí) ós rud é gur féidir an méid céanna coigiltis fuinnimh a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtúla trí tús áite a thabhairt do thionscadail níos mó agus níos costasaí. Leasaíodh garsprioc 148 agus sprioc 149 d'infheistíocht 1 (Bonneagar athchúrsála tógála) faoi chomhchuid 2.7 (Geilleagar ciorclach, athchúrsáil agus uisce tionsclaíoch) chun an tacaíocht atá le tabhairt d'fheirmeoirí a chur san áireamh chun a áirithiú go ndéanfar múirín a mheascadh san ithir agus chun feabhas a chur ar an ngeilleagar ciorclach i réimse an bhainistithe dramhaíola in-bhithdhíghrádaithe. Leasaíodh sprioc 153 d'infheistíocht 3 (Coigilteas uisce sa tionsclaíocht) faoi chomhchuid 2.7 (Geilleagar Ciorclach, Athchúrsáil agus Uisce Tionsclaíoch) toisc gur baineadh amach an sprioc ar bhealach níos costéifeachtaí. Tá leasú déanta ar spriocanna 158 agus 159 d'infheistíocht 3 (Tacaíocht d'athbheochan limistéar faoi úinéireacht phoiblí do ghnó) faoi chomhchuid 2.8 (Athbheochan Láithreán Athfhorbraíochta) chun riachtanais a shoiléiriú agus chun freagairt níos fearr do riachtanais áitiúla. Leasaíodh Sprioc 228 d'infheistíocht 2 (Tacaíocht do chomhar taighde agus forbartha (i gcomhréir leis an Straitéis um Speisialtóireacht Chliste)) agus sprioc 229 d'infheistíocht 3 (Cabhair do thaighde agus forbairt i réimse an chomhshaoil) faoi chomhchuid 5.2 (Tacaíocht do Thaighde agus Forbairt i gCuideachtaí agus Nuálaíocht a thabhairt isteach i gCleachtas Gnó) chun tacú le tuilleadh tionscadal agus FBManna. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia garspriocanna agus spriocanna 12, 28, 40, 41, 47, 48, 49, 61, 62, 71, 73, 74, 117, 119, 148, 149, 153, 158, 159, 228, 229 a leasú; sprioc 62 a bhaint; síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na gharspriocanna agus spriocanna 61, 73, 75, 148, 194, 195; uaillmhian spriocanna 228 agus 229 a mhéadú, an líon tionscadal a laghdú agus a

méid coibhneasta a mhéadú le haghaidh sprioc 106 an tráth céanna. Ní gá aon athruithe a dhéanamh ar Sprioc 68; mar sin féin, laghdaíodh an costas a bhaineann leis. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(19) Thairis sin, d'iarr an tSeicia na hacmhainní atá fágtha a úsáid, ar acmhainní iad a saoradh trí bhearta a bhaint nó a athbhreithniú faoi Airteagal 21 de Rialachán 2021/241 chun uaillmhian na mbeart atá ann cheana a mhéadú agus chun bearta nua a chur leis an bplean bunaidh. Baineann an uaillmhian mhéadaithe leis na ceithre bheart seo a leanas. Chun an tsuim mhór ó na hiarratasóirí sa tSeicia a mheaitseáil, d'iarr an tSeicia an leithdháileadh a mhéadú go sprioc 46 d'infheistíocht 4 (Gníomhaíochtaí taighde eolaíochta a bhaineann le forbairt líonraí agus seirbhísí 5G) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardacmhainneachta). D'fhonn uaillmhian an phlean maidir le claochlú digiteach an gheilleagair a choinneáil, d'iarr an tSeicia garsprioc nua d'infheistíocht 2 (Mol na Faireachlainne Eorpaí um na Meáin Dhigiteacha (EDMO)) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua). Chun an laghdú ar an líon foirgneamh a athchóirítear faoi sprioc 108 a chúiteamh agus chun an leibhéal uaillmhéine a choinneáil maidir le laghdú ar an tomhaltas fuinnimh, d'iarr an tSeicia sprioc uaillmhéine 109 d'infheistíocht 3 (Feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh poiblí) faoi chomhchuid 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí) a mhéadú. Chun an t-éileamh méadaithe ó theaghlaigh ar athsholáthar foinsí téimh a mheaitseáil, d'iarr an tSeicia leithdháileadh agus uaillmhian spriocanna 127, 128 agus 129 d'infheistíocht 2 (Athsholáthar foinsí do-aistrithe truaillithe i dteaghlaigh ina bhfuil foinsí in-athnuaite) faoi chomhchuid 2.5 (Athchóiriú Foirgníochta agus Cosaint Aeir). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(20) Chuir an tSeicia in iúl don Choimisiún gur cuireadh tús leis an tionscadal a beartaíodh i ngarsprioc 67 d'infheistíocht 13 (Tacaíocht do Thaighde agus Nuálaíocht sa tionscal eitlíochta) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua) roimh thréimhse incháilitheachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an garsprioc a bhaint. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(21) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an tSeicia, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

(22) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun an leithdháileadh nua, na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an tSeicia i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(23) Sainaithníodh 40 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do 23 gharsprioc/sprioc agus do 17 mbeart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 9 Meitheamh 2022, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an tSeicia. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar athchóiriú 1 (Coinníollacha maidir le bainistiú ar chomhthiomsuithe sonraí ardcháilíochta agus rochtain rialaithe ar shonraí a áirithiú), faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí); tuairisc ar athchóiriú 1

(Lárionaid inniúlachta chun tacú le Ríomhsheirbhísí Rialtais, An Chibearshlándáil agus Ríomhsheirbhísí Sláinte), tuairiscí ar infheistíocht 1 (Forbairt córas faisnéise) agus infheistíocht 3 (An Chibearshlándáil), sprioc 19 d'infheistíocht 1 (Forbairt córas faisnéise), aonad tomhais sprioc 31 d'infheistíocht 5 (Cruthú na gcoinníollacha maidir le ceartas digiteach) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí); sprioc 49 d'athchóiriú 2 (Comhghrúpa tacaíochta agus deimhniúcháin i dtaca le teicneolaíochtaí straitéiseacha leis an mBord um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha), sprioc 59 d'infheistíocht 7 (Cláir *Rise-Up* na Seicia), sprioc 65 d'infheistíocht 11 (Boscaí gainimh rialála digiteacha i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus An tSochaí, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua); sprioc 70 d'infheistíocht 2 (an tSaoráid Eorpach Tástála Tagartha agus Turgnaimh) faoi chomhchuid 1.5 (Claochlú digiteach na bhfiontar); tuairisc ar infheistíocht 2 agus sprioc 117 (Bonneagar foirgníochta — Pointí athluchtaithe do chuideachtaí príobháideacha) faoi chomhchuid 2.4 (Soghluaisteacht Ghlan); tuairisc ar infheistíocht 4 (Foraois a chothú atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide) faoi chomhchuid 2.6 (Cosaint an dúlra agus oiriúnú don athrú aeráide) agus garspriocanna gaolmhara 139, 140, 141 agus an tuairisc ar infheistíocht 5 (Coinneáil uisce i bhforaois) agus ar spriocanna 142 agus 143 faoin gcomhchuid chéanna 2.6 (Cosaint an dúlra agus oiriúnú don athrú aeráide); tuairisc ar infheistíocht 1 (Cosaint i gcoinne triomaigh agus tuilte i gcathair Brno), garsprioc 162 faoi chomhchuid 2.9 (an bhithéagsúlacht agus an comhrac i gcoinne triomaigh a chur chun cinn), tuairisc ar Infheistíocht 3 (Limistéir faoi chosaint lena n-áirítear láithreáin Natura 2000 agus speicis plandaí agus ainmhithe faoi chosaint) agus garsprioc ghaolmhar 164 faoi chomhchuid 2.9 (An bhithéagsúlacht agus an comhrac i gcoinne triomaigh a chur chun cinn ); garsprioc 169 den athchóiriú 1 (Curaclaim a athchóiriú agus an t-oideachas TF a neartú) faoi chomhpháirt 3.1 (Nuálaíocht san Oideachas i gComhthéacs an Digitithe); Earráidí cló i dtuairiscí ar bhearta agus ar garspriocanna faoi chomhchuid 4.3 (Athchóirithe frithéillithe) a cheartú; sprioc 225 d'infheistíocht 1 (Taighde Poiblí & Forbairt do réimsí tosaíochta na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sóisialta gaolmhara) faoi chomhchuid 5.1 (Taighde agus Forbairt den Scoth san Earnáil Sláinte), infheistíocht 1 (An Lárionad um Dian-Ionsamhlú Leighis a chruthú), infheistíocht 2 (Cúram athshlánaithe d'othair atá ag téarnamh ó riocht criticiúil) agus infheistíocht 3 (Lárionad a thógáil le haghaidh leigheas cardashoithíoch agus trasphlandúcháin) faoi chomhchuid 6.1 (Athléimneacht sa Chóras Sláinte a mhéadú); tuairiscí ar bhearta agus spriocanna in infheistíocht 1 (Institiúid Oinceolaíochta na Seice a bhunú), infheistíocht 2 (Cúram ardspeisialaithe oinceolaíochta agus haematoinceolaíochta a fhorbairt) agus infheistíocht 3 (an Lárionad um Chosc Ailse agus Bonneagar do Chúram Nuálach agus Tacúil a bhunú agus a fhorbairt ag Institiúid Chuimhneacháin Masaryk) faoi chomhchuid 6.2 (An Plean Náisiúnta chun Cosc agus Cúram Oinceolaíochta a neartú). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241***

(24) I gcaibidil REPowerEU tá 15 athchóiriú nua agus seacht n-infheistíocht nua. Is é is aidhm do na hinfheistíochtaí maidir le nuachóiriú eangaí (comhchuid 7.1) na gréasáin dáileacháin leictreachais a threisiú agus é a dhéanamh réidh chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt a thuilleadh. Is é is aidhm do thrí athchóiriú an próiseas um nascadh leis an eangach le haghaidh sócmhainní giniúna in-athnuaite a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos trédhearcaí, taraifí eangaí nua a thabhairt isteach (comhchuid

7.1), agus creat dlíthiúil a bhunú le haghaidh comhphobail fuinnimh, comhroinnt leictreachais, malartú sonraí, stóráil fuinnimh, comhiomlánú agus solúbthacht (comhchuid 7.2). Is é is aidhm do dhá athchóiriú an próiseas cinnteoireachta maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a shimpliú trí dhlúslimistéir RES a ainmniú agus tuairim aonair chomhshaoil a chur chun feidhme le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite (comhchuid 7.7). Tacaíonn na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa tsoghluaisteacht ghlan le dícharbónú an iompair ar bóthar (comhchuid 7.5) trí dhreasachtaí a thabhairt isteach chun feithiclí astaíochtaí nialasacha a ghlacadh agus trí na rialacha ceadaithe maidir le stáisiúin luchtaithe agus tógáil stáisiún athbhreoslaithe hidrigine a shimpliú. Is é is aidhm don athchóiriú cuimsitheach ar na seirbhísí comhairleacha don rabharta athchóirithe (comhchuid 7.3) an líon tionscadal athchóirithe cónaithe agus a gcáilíocht a mhéadú. Tacóidh sé leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh tríd an líon tionscadal athchóirithe cónaithe um éifeachtúlacht fuinnimh agus a gcáilíocht a mhéadú, go háirithe le haghaidh teaghlaigh ísealioncaim agus teaghlaigh mheánioncaim. Thuairiscigh an tSeicia freisin go raibh sí ag úsáid acmhainní óna buiséad náisiúnta agus ón gCiste don Nuachóiriú chun cláir spriocdhírithe a mhaoiniú lena dtugtar aghaidh ar infheistíochtaí bochtaineachta fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh. Is é is aidhm do na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí maidir le scileanna glasa agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn in ollscoileanna (comhchuid 7.4) an tairiscint foghlama in ollscoileanna poiblí a nuachóiriú trí chláir staidéir, cúrsaí agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil nua a chruthú atá dírithe ar scileanna glasa.

(25) Tá dhá bheart méadaithe i gcaibidil REPowerEU freisin. Déanann an chéad cheann difear do bheart amháin faoi chomhchuid 2.3.1 (Foinsí fuinnimh fhótavoltaigh nua a fhorbairt). Leis an mbeart méadaithe sin a áirítear i gcaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uaillmhéine na mbeart atá san áireamh cheana féin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta. Déanann an dara beart méadaithe difear do bheart amháin faoi chomhchuid 2.4.4 (Cúnamh Infheistíochta chun feithiclí a cheannach — feithiclí (leictreacha, H2, rothair leictreacha lasta)) le haghaidh cuideachtaí príobháideacha. Cúitíonn an beart méadaithe a áirítear in REPowerEU as laghdú sa bhoilsciú sa bheart bunaidh agus méadaítear an líon gluaisteán agus veaineanna astaíochtaí nialasacha a fhaigheann tacaíocht ón infheistíocht.

(26) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

***Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14 de Rialachán 2021/241***

(27) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an tSeicia isteach iarraidh ar thacaíocht iasachta chun tacú le hocht mbeart bhreise nua.

(28) Tá comhchuid nua amháin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe: 2.10 (Tithíocht Inacmhainne). I gComhchuid 2.10 tá infheistíocht i saoráid iasachta chun iasachtaí lamháltais a sholáthar do thionscadail a rannchuidíonn le hinfhaighteacht tithíochta cíosa atá inacmhainne agus fuinneamhéifeachtúil a mhéadú, infheistíocht i saoráid iasachta chun iasachtaí fo-ordaithe a sholáthar do thionscadail a rannchuidíonn le hinfhaighteacht tithíochta cíosa atá inacmhainne agus fuinneamhéifeachtúil a mhéadú, agus infheistíocht i gciste comhinfheistíochta poiblí príobháideach arb é is aidhm dó rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do thionscadail tithíochta inacmhainne.

(29) Ina theannta sin, tá bearta nua sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe faoi chomhpháirteanna atá ann cheana: 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí), 1.2 (Córas Digiteach Riaracháin Phoiblí), 1.4(An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua) agus 1.5 (Claochlú Digiteach na bhFiontar). Baineann na bearta sin le hinfheistíocht i seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh sa limistéar sóisialta, infheistíocht sa chibearshlándáil, agus infheistíocht chun córais faisnéise a fhorbairt sa réimse sóisialta; infheistíocht i dteicneolaíochtaí straitéiseacha agus infheistíocht chun tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí atá rannpháirteach i Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI.

(30) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(31) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(32) Leis an gClár Téarnaimh agus Athléimneachta tosaigh, tugadh freagairt chuimsitheach agus chothrom ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuir le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241, agus dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais na Seicia á gcur san áireamh. Áiríodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh sraith athchóirithe agus infheistíochtaí lena ndírítear ar phríomhréimsí amhail digitiú, an t-aistriú glas, oideachas agus oiliúint, rochtain ar mhaoiniú, cultúr, taighde agus nuálaíocht, agus cúram sláinte.

(33) Le nuashonrú an phlean, lena n-áirítear modhnuithe ar na comhpháirteanna atá ann cheana agus bearta a cuireadh leis le déanaí, déantar cumhdach roinnt colún a neartú tuilleadh. Chun freagairt mhéadaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, baineann an plean nuashonraithe úsáid as an leithdháileadh deontais breise atá ar fáil agus as iasachtaí araon. Tugtar aghaidh sa phlean nuashonraithe ar an aistriú glas a bhuí le caibidil REPowerEU a chur isteach, lena n-áirítear bearta chun feabhas a chur ar na gréasáin dáileacháin leictreachais, tacaíocht don athchóiriú fuinnimh nó leictriú na n-iarnród. Tugtar aghaidh ar an gclaochlú digiteach agus nuashonrú á dhéanamh ar chomhpháirteanna lena gcumhdaítear digitiú na gcóras riaracháin phoiblí (Comhchuid 1.1 agus Comhchuid 1.2), forbairt líonraí digiteacha ardacmhainneachta (Comhchuid 1.3) agus claochlú digiteach an riaracháin phoiblí (Comhchuid 1.7). Déantar an comhtháthú sóisialta agus críochach a chumhdach a thuilleadh leis an ngné nua lena dtugtar aghaidh ar thithíocht inacmhainne (Comhchuid 2.10) . Tugtar aghaidh ar cholún an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh sa nuashonrú ar an gcomhchuid lena gcuirtear tacaíocht ar fáil don taighde agus don fhorbairt (Comhchuid 5.2) i gcuideachtaí. Tugtar aghaidh ar bheartais don chéad ghlúin eile i mbeart nua a thacaíonn le leanaí atá i mbaol chomh maith le gné nua maidir le tithíocht inacmhainne (Comhchuid 2.10). Ar deireadh, tugtar aghaidh ar athléimneacht sláinte agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach sna

comhchodanna nua atá dírithe ar thithíocht inacmhainne (Comhchuid 2.10) agus ar thacaíocht chórasach d'infheistíocht phoiblí (Comhchuid 4.1).

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar mór de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(34) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar mór dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an tSeicia, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(35) Go háirithe, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil roimh mheasúnú an phlean mhodhnaithe ag an gCoimisiún. Ós rud é go ndearnadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don tSeicia a ardú agus de réir mar a mhéadaigh méid an phlean tar éis iarraidh bhreise ar iasacht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid le haghaidh chuspóirí REPowerEU ach ní hamháin sin, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(36) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tacar fairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fho-thacar mór de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an tSeicia i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh in 2022 agus 2023. Go háirithe, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU le EUR 735,5 milliún de chostais mheasta le hinfheistíocht phoiblí a chaomhnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus le haghaidh na slándála fuinnimh (CSR 1.2, 2022 agus CSR 1.3 2023). Cuireann bearta nua atá beartaithe faoi Chomhchuid 2.10 le feabhas a chur ar sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne (CSR 3 2022 agus CSR 3 2023) trí athchóiriú a thabhairt isteach tríd an Acht um Thithíocht agus trí infheistíocht a chuirtear chun feidhme trí ionstraim airgeadais a bhfuil coinne leis go gcuirfear borradh faoi sholáthar aonad tithíochta cíosa ar phraghsanna inacmhainne. Infheistíochtaí sa nuachóiriú agus digitiú eangaí (Comhchuid 7.1), athchóirithe reachtacha (LEX RES 2 agus LEX RES 3) faoi Chomhchuid 7.2 lena mbunaítear creataí do phobail fuinnimh, comhroinnt leictreachais, malartú sonraí, stóráil fuinnimh, comhiomlánú agus solúbthacht, limistéir ghéaraithe le haghaidh giniúint fuinnimh in-athnuaite a ainmniú agus an t-athchóiriú maidir leis an tuairim aonair chomhshaoil a shimpliú, chomh maith le hinfheistíochtaí chun suiteálacha nua fótavoltacha a thógáil faoi Chomhchuid 2.5, meastar go laghdóidh siad an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise, agus tomhaltas breoslaí iontaise trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceada a chuíchóiriú a thuilleadh agus trí rochtain ar an eangach a dhéanamh níos éasca (CSR 4.2 2022, CSR 4.2 2023 agus CSR 4.3 2023). Thairis sin, tá coinne leis go gcuirfidh an t-athchóiriú cuimsitheach ar an gcóras comhairleach le haghaidh athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh le méadú éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh trí cháilíocht agus líon na dtionscadal athchóirithe doimhne agus suiteáil foinsí teasa in-athnuaite a mhéadú (CSR 4.4 2023). Ar deireadh, meastar go rannchuideoidh cúig athchóiriú agus infheistíocht amháin i gComhchuid 7.5 le glacadh an iompair ar bóthar atá saor ó astaíochtaí agus bonneagar iompair inbhuanaithe a dhreasú (CSR 4.5 2023).

(37) Le go leor de na bearta nua, tá coinne leis go dtabharfar aghaidh a thuilleadh ar na moltaí tírshonracha sin a ndírítear orthu cheana féin sa chlár téarnaimh agus athléimneachta tosaigh. Bearta breise lena ndírítear ar an éiceachóras Taighde agus Forbartha a neartú agus ar thacú le taighde agus forbairt i gcuideachtaí agus nuálaíochtaí a thabhairt isteach i gcleachtas gnó, tá coinne leis go dtabharfar aghaidh orthu le CSR 3.8 2020 chun rochtain ar mhaoiniú a áirithiú do ghnólachtaí nuálacha agus chun feabhas a chur ar chomhar poiblí príobháideach sa taighde agus san fhorbairt agus ar CSR 3.6 2019 chun deireadh a chur leis na bacainní a chuireann bac ar éiceachóras nuálaíochta lánfheidhmiúil a fhorbairt. Thairis sin, táthar ag súil go dtacóidh Comhchuid nua 4.1 leis an acmhainneacht riaracháin chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme agus chun aghaidh a thabhairt ar CSR 3.3 2020 chun tús áite a thabhairt do thionscadail infheistíochta poiblí aibí agus ar CSR 3.4 2019 chun an t-ualach riaracháin ar infheistíocht a laghdú, chomh maith le CSR 3.5 2019 chun tacú le tuilleadh iomaíochta atá bunaithe ar cháilíocht sa soláthar poiblí. Ar deireadh, tá sé d'aidhm ag roinnt beart digiteach nua seirbhísí ar líne a leathnú chun beartais shóisialta a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh sa réimse sóisialta, córais faisnéise forbartha sa réimse sóisialta, agus Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI. Táthar ag súil go dtabharfaidh siad aghaidh ar CSR 3.2 2020 chun ríomhsheirbhísí rialtais a fheabhsú.

(38) Cé go bhfuil athbhreithniú déanta ag an tSeicia ar chuid de na bearta sa phlean bunaidh trína n-uaillmhian a laghdú i ngeall ar imthosca oibiachtúla (an geilleagar digiteach agus claochlú digiteach na bhfiontar), déantar é sin a fhrithchothromú trí bhearta eile a mhéadú a thacaíonn go háirithe le córais faisnéise riaracháin phoiblí nó le digitiú fiontar. Dá bhrí sin, agus na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag an tSeicia á gcur san áireamh, meastar go rannchuideoidh a plean modhnaithe téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar mór de dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(39) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Seicia a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(40) Sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar ard ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Seicia a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19,

lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas. (Rátáil A).

(41) Tá coinne leis go leanfaidh an plean nuashonraithe téarnaimh agus athléimneachta de bheith ag rannchuidiú leis an bhfás eacnamaíoch agus le cruthú post sa tSeicia agus borradh breise a chur faoi inniúlacht gheilleagar na Seice freagairt do na dúshláin eacnamaíocha nua. Leis an bplean nuashonraithe, tugtar aghaidh ar leochaileachtaí éagsúla an gheilleagair, an róspleáchas ar bhreoslaí iontaise ina measc, inacmhainneacht theoranta tithíochta, an acmhainneacht riaracháin phoiblí atá sínte, mímheaitseáil scileanna nó na leibhéil ísle de chistiú Taighde agus Forbartha sa gheilleagar.

(42) Cuireann an plean nuashonraithe tuilleadh tacaíochta airgeadais agus neamhairgeadais ar fáil do FBManna, d’fhiontair mhóra agus do thionscadail, rud a chuireann ar a gcumas páirt a ghlacadh san aistriú glas agus san aistriú digiteach, infheistíochtaí san iompar agus méadú ar an tacaíocht a dheonaítear chun an t-éiceachóras taighde agus nuálaíochta a fheabhsú. Cuireann sé tacaíocht bhreise ar fáil freisin don aistriú glas, méadaítear an tacaíocht d’fhoinsí in-athnuaite agus inniúlacht na heangaí cumhachta chun na foinsí nua in-athnuaite a nascadh, rud a chuideoidh leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú dá bhrí sin. Tá sé d’aidhm ag comhchuid nua maidir le tithíocht inacmhainne rochtain ar thithíocht a mhéadú do na daoine is leochailí. Tugtar aghaidh a thuilleadh ar mhímheaitseálacha scileanna agus ar ghanntanais an mhargaidh saothair trí bhearta lena ndírítear ar athbhreithniú ar churaclaim agus ar ghníomhaíochtaí uas-scilithe agus athscilithe, agus tugtar aghaidh go leanúnach ar rannpháirtíocht íseal na mban a bhfuil leanaí beaga acu i margadh an tsaothair trí acmhainn na saoráidí cúraim leanaí a mhéadú. Cuirtear tuilleadh tacaíochta ar fáil freisin d’úsáid ríomhsheirbhísí Rialtais agus d’aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an riaracháin phoiblí chun freagairt níos fearr do na dúshláin agus na deiseanna eacnamaíocha nua trí na bearta atá ann cheana a leathnú lena ndírítear ar sheirbhísí rialtais digiteacha nó ar ghné nua chun tacú le hinfheistíocht phoiblí.

(43) Rannchuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh a thabhairt ar roinnt dúshlán sóisialta atá ábhartha don tSeicia agus tacaíonn sé le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá coinne leis go dtacóidh na bearta le comhtháthú sóisialta agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar dhúshláin iomadúla sa réimse sin. Tá coinne leis go maolófar réimse leathan saincheisteanna gaolmhara sochaíocha de bharr na tacaíochta do thithíocht inacmhainne, lena n-áirítear cás na leanaí atá i mbaol. Trí líonraí fíor-ardacmhainneachta a sholáthar do cheantair thuaithe, meastar go maolófar an deighilt uirbeach/tuaithe maidir le rochtain ar nascacht. Le tacaíocht threisithe do scoileanna ina bhfuil sciar níos airde daltaí a thagann ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste agus le trealamh TF do dhaltaí agus do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste, táthar ag súil go gcuideofar le haghaidh a thabhairt ar neamhionannais san oideachas. Trí inniúlachtaí oideachais agus oiliúna réamhscoile a mhéadú, táthar ag súil go dtreiseofar comhionannas deiseanna agus go gcothófar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair. I measc na mbeart tábhachtach eile lena dtugtar aghaidh ar riachtanais leanaí tá athchóirithe curaclaim chun inniúlachtaí digiteacha daltaí agus úsáid acmhainní digiteacha a neartú.

(44) Tá an infheistíocht i líonraí iompair phoiblí agus i mbonneagar nascachta digití ábhartha go háirithe do réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste struchtúrach agus do lucht saothraithe ar phá íseal i gceantair uirbeacha. Tá coinne leis freisin go dtacóidh bearta le téamh ceantair a dhícharbónú agus le coigiltis fuinnimh teaghlach. Ina theannta sin, leis an infheistíocht i dteaschaidéil agus coirí bithmhaise a chur in ionad córais téimh

ghualbhreoslaithe thruaillitheacha i bhfoirgnimh chónaithe teaghlach ar ioncam íseal, tá coinne leis go laghdófar an bhochtaineacht fuinnimh agus go laghdófar costais na hinfheistíochta glaise. Trí rochtain níos éasca ar chláir scagthástála sláinte agus inniúlacht mhéadaithe i gcúram sóisialta agus infheistíocht i mbonneagar cúraim shóisialta, go háirithe do leanaí atá i mbaol, tacófar le riachtanais shóisialta na ndaoine leochaileacha freisin.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(45) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, meastar go n-áiritheoidh sé nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(46) Ní dhéanann athruithe a thugtar isteach sna bearta nua nó sna bearta nuashonraithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean difear don mheasúnú dearfach a rinneadh ar an leagan tosaigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(47) Maidir le gach athchóiriú agus infheistíocht a áirítear i gcaibidil nua REPowerEU, rinne an tSeicia measúnú córasach ar gach beart i gcoinne an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i gcomhréir le Treoir Theicniúil maidir le Dochar Suntasach (2021/C58/01). Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach i gcás gach beart modhnaithe nó, i gcás ina sainaithnítear riosca, go ndéantar measúnú mionsonraithe lena léirítear nach ndearnadh dochar suntasach.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(48) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar inniúlachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(49) Meastar go rannchuideoidh cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU go háirithe le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c (3), pointí (b), (c), (d), (e) agus (f) de Rialachán (AE) 2021/241.

(50) Is é is aidhm don athchóiriú ar cheadú giniúna in-athnuaite (comhchuid 7.1) dlús a chur leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna do thionscadail gaoithe agus gréine agus bacainní riaracháin a bhaint trí nósanna imeachta digiteacha agus ionad ilfhreastail digiteach aonair a thabhairt isteach. Trí limistéir ghéaraithe a chruthú le haghaidh fuinneamh gaoithe agus grianfhuinnimh (comhchuid 7.7) in éineacht leis an athchóiriú ar an tuairim aonair comhshaoil (comhchuid 7.7), meastar go n-éascófar go mór soláthar suiteálacha giniúna gaoithe agus grianchumhachta ar fud Phoblacht na Seice agus, ag an am céanna, go soláthrófar an infheictheacht is gá d'fhorbróirí tionscadail, do bhardais, do shaoránaigh atá ag gabháil do thionscadail giniúna

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

in-athnuaite, rud a chruthóidh dálaí chun sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i meascán fuinnimh na Seicia a mhéadú, i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (b).

(51) Is é is aidhm don chreat rialála nua maidir le stóráil fuinnimh agus sócmhainní solúbthachta (comhchuid 7.2) tacú le glacadh na n-inniúlachtaí stórála leictreachais agus le forbairt sócmhainní solúbthachta a rannchuideoidh le cobhsaíocht an líonra, agus ar an gcaoi sin tacóidh sé le slándáil an tsoláthair láithreach i gcomhréir le hAirteagal 21c(3)e. Is é is aidhm don infheistíocht i nuachóiriú agus i ndigitiú na líonraí dáileacháin leictreachais (comhchuid 7.1) inniúlacht na líonraí dáileacháin a mhéadú chun oibriú slán an chórais leictreachais a chumasú, agus an t-éileamh ard ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a nascadh á chomhlíonadh ag an am céanna. Rannchuidíonn an infheistíocht sin le cuspóir REPowerEU aghaidh a thabhairt ar scrogaill inmheánacha dáileacháin leictreachais agus dlús a chur le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite, i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Tá sé comhcheangailte le hathchóirithe (comhchuid 7.1) chun deireadh a chur le bacainní ar an bpróiseas nasctha eangaí agus chun trédhearcacht na hinniúlachta eangaí atá ar fáil a mhéadú. Leis an athchóiriú sin, meastar go gcuirfear dlús leis an nasc agus leis an sceideal nasctha níos trédhearcaí a rachaidh chun tairbhe do chustaiméirí, do tháirgeoirí fuinnimh in-athnuaite agus do thomhaltóirí aonair ar leo suiteálacha gréine barr dín, rud a spreagfaidh úsáid suiteálacha ar mhionscála.

(52) Meastar go gcuirfidh an infheistíocht i leictriú iarnróid líne leictrithe ar fáil don rian Brno-Zastavka u Brna (comhchuid 7.6), rud a thacóidh le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar i gcomhréir le hAirteagal 21 (3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241.

(53) Rannchuidíonn na hathchóirithe ar dhícharbónú an iompair ar bóthar (comhchuid 7.5) le glacadh feithiclí bóthair atá saor ó astaíochtaí a mhéadú sa tSeicia. Leis na hathchóirithe, tugtar aghaidh ar chuspóir REPowerEU tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar, i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Tá coinne leis na hathchóirithe go ndéanfar an tSeicia a ailíniú le reachtaíocht an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas, spriocanna agus conairí a leagan amach chun feithiclí astaíochtaí nialasacha agus bonneagar luchtaithe ábhartha agus bonneagar athbhreoslaithe hidrigine a chur in úsáid, coinníollacha cumasúcháin a sholáthar le haghaidh fhás na soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha agus gheilleagar na hidrigine inathnuaite amhail bearta cánach agus scéimeanna tacaíochta, agus méadú ar chostais agus ar struchtúr na ngreamdhearbhán mórbhealaigh ionas go mbeidh tairbhe costais níos mó ann chun feithiclí saothair éadroim astaíochtaí nialasacha a oibriú. Tá na hathchóirithe comhcheangailte le méadú ar an mbeart atá ann cheana faoi chomhchuid 2.4, arb é is aidhm dó an líon feithiclí astaíochtaí nialasacha atá in úsáid ag gnólachtaí sa tSeicia a mhéadú.

(54) I gcaibidil REPowerEU tugtar aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241. Is é is aidhm don athchóiriú forleathan ar na seirbhísí comhairleacha don rabharta athchóirithe (comhchuid 7.3) an líon tionscadal athchóirithe cónaithe agus a gcáilíocht a mhéadú, go háirithe le haghaidh teaghlaigh leochaileacha. Tá sé d’aidhm ag na seirbhísí comhairleacha feabhsaithe cabhrú le teaghlaigh a dtionscadail athchóirithe a ullmhú agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú atá ar fáil chun na tionscadail a chur chun feidhme. Is é is aidhm don fheachtas múscailte feasachta atá beartaithe feabhas a chur ar an bhfeasacht ar bhochtaineacht fuinnimh agus ar athruithe iompraíochta a d’fhéadfadh cabhrú le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

(55) Tá bearta i gcaibidil REPowerEU arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Tá coinne leis an athchóiriú cuimsitheach ar sheirbhísí comhairleacha (comhchuid 7.3) go gcuirfear le feabhas a chur ar cháilíocht na n-athchóirithe agus go ndíreofar ar na hinfheistíochtaí is oiriúnaí in athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh chónaithe agus phoiblí. Cuirfidh bearta eile infheistíochtaí ar fáil chun oiliúint a chur ar ghairmithe le haghaidh an Rabharta Athchóirithe, agus bunófar ionaid ilfhreastail le haghaidh pobail fuinnimh. Is é is aidhm dó rannchuidiú leis an éileamh ar fhuinneamh in earnáil na bhfoirgneamh a laghdú.

(56) Leis an athchóiriú ar churaclam ollscoileanna mar aon le dhá infheistíocht (comhchuid 7.4), tugtar aghaidh ar chuspóir REPowerEU maidir le dlús a chur le hathcháiliú an lucht saothair i dtreo scileanna glasa, i gcomhréir le hAirteagal 21c, mír (3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241. Is é is aidhm don athchóiriú na cláir oideachais agus oiliúna atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta chun na riachtanais le haghaidh scileanna glasa i margadh an tsaothair a léiriú. Tá sé d'aidhm ag na hinfheistíochtaí é a chur ar a chumas do 20 ollscoil phoiblí ar a laghad Straitéisí nua maidir leis an Aistriú Inbhuanaithe agus Glas a ghlacadh ina mbeidh fís, réimsí tosaíochta agus prionsabail agus a dtairiscint foghlama maidir le hoideachas scileanna glasa a leathnú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a thabhairt i gcrích le tríú páirtithe.

(57) Tá caibidil REPowerEU comhleanúnach le gealltanas na Seicia úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus spleáchas ar bhreosla iontaise a laghdú. Leis na bearta sin, neartaítear na bearta a áirítear sa chéad phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, úsáid giniúna fuinnimh in-athnuaite agus dícharbónú an iompair.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(58) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(59) Maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sa nuachóiriú (7.1) agus i ndigitiú na heangaí leictreachais (7.2) agus i simpliú an phróisis cinnteoireachta maidir le foinsí inathnuaite fuinnimh trí limistéir ghéaraithe in-athnuaite a ainmniú (7.7) agus trí thuairim chomhshaoil aonair a chur chun feidhme maidir le tionscadail in-athnuaite, is é is aidhm dóibh rannchuidiú le táirgeadh agus comhtháthú fuinnimh sa ghréasán agus, dá bhrí sin, an soláthar fuinnimh san Aontas ina iomláine a dhaingniú.

(60) Is é is aidhm don chomhairle i ndáil le hathchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh rannchuidiú go hindíreach leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(61) 82.4 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU a bhí i gcostais iomlána na mbeart a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo.

(62) Leis an sciar ard de na costais mheasta a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo, mar aon leis an bhfíoras go gcuireann na bearta i gcaibidil REPowerEU leis an soláthar fuinnimh a chinntiú agus leis an éileamh ar fhuinneamh agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, tá údar maith le rátáil A a roghnú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(63) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 42.9 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 99 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(64) Leis na bearta athbhreithnithe, coinnítear uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas, agus leis an gcaibidil maidir le REPowerEU déantar iarracht shuntasach tuilleadh tacaíochta a thabhairt don aistriú glas sa tSeicia toisc go bhfuil sé d'aidhm ag na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua nuachóiriú na heangaí leictrí, dícharbónú an iompair ar bóthar, agus glacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Áirítear sa chaibidil freisin bearta arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh a fheabhsú (comhchuid 7.3) agus deiseanna nua i leith scileanna glasa a fhorbairt in ollscoileanna (comhchuid 7.4).

(65) Leanann plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Seicia, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú glas, mar aon le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann san Aontas faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna. I gcaibidil REPowerEU, cuireann an tSeicia béim ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt foinsí inathnuaite fuinnimh trí limistéir ghéaraithe foinsí inathnuaite fuinnimh a ainmniú (comhchuid 7.7), nósanna imeachta foinsí inathnuaite fuinnimh a shimpliú (comhchuid 7.1), agus an eangach leictreach á hullmhú chun a hinniúlacht nascachta a mhéadú. Cuireann na bearta sin go comhpháirteach le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a dhreasú agus leis an tslándáil fuinnimh a neartú. Cuidíonn caibidil REPowerEU freisin le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh agus le hiompar ar bóthar a dhícharbónú tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(66) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb ionann í agus 22.8 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(67) Le modhnú an phlean, coinnítear a uaillmhian i dtreo an aistrithe dhigitigh. Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe de bheith ag cur go mór le haistriú digiteach gnólachtaí, bonneagair, agus riaracháin phoiblí, agus le scileanna digiteacha an lucht saothair, na ndaltaí agus an phobail i gcoitinne a chothú, agus tá coinne leis go mbeidh tionchar fadtéarmach acu. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua, cuirfear dlús le digitiú an riaracháin phoiblí agus cuirfear maoiniú ar fáil do chuideachtaí teicneolaíochta nuathionscanta agus do thionscadail lena

gcuirtear taighde agus nuálaíocht sa mhicrileictreonaic chun cinn. San iomlán, áirítear sa phlean modhnaithe 52 infheistíocht agus athchóiriú a áirítear i ríomh na sprice digití, arb é sin EUR 1 936 122 562 in iomlán na ranníocaíochta digití.

***Tionchar buan***

(68) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an Seicia.

(69) Sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an Seicia.

(70) Ní laghdaíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe uaillmhian an phlean tosaigh ina iomláine. Cuirtear san áireamh ann tionchar fada ghéarchéim COVID-19, boilsciú agus suaitheadh sa slabhra soláthair, chomh maith le roinnt deacrachtaí dlíthiúla agus teicniúla gan choinne nó infhaighteacht roghanna malartacha níos fearr chun bearta áirithe a chur chun feidhme trí bhearta a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Áirítear sa phlean modhnaithe freisin bearta nua agus bearta méadaithe mar thoradh ar mhéadú na ranníocaíochta airgeadais agus ar ghlacadh teoranta iasachtaí agus áirítear caibidil nua REPowerEU ann. Tá coinne leis go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha ag na bearta breise sin, mar aon leis na bearta atá ann cheana, ar gheilleagar na Seice agus go gcuirfear tuilleadh borradh faoina aistriú glas agus a aistriú digiteach. Go háirithe, tá coinne leis go ndéanfaidh athchóirithe REPowerEU an eangach leictreachais a nuachóiriú agus a dhigitiú, nósanna imeachta ceadaithe agus an chinnteoireacht le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a shimpliú, an t-iompar ar bóthar a dhícharbónú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh, agus scileanna glasa a chur chun cinn in ollscoileanna. Is é is aidhm d'athchóirithe nua eile sa phlean modhnaithe an inniúlacht riaracháin a neartú, éiceachóras taighde agus forbartha a fheabhsú agus tacú le forbairt leanaí.

(71) Tá infheistíochtaí ag gabháil leis na hathchóirithe sin lena n-áiritheofaí tionchar marthanach na n-athchóirithe sin. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, tugtar isteach infheistíochtaí sa chibearshlándáil agus i nuachóiriú an riaracháin phoiblí, lena dtacaítear le forbairt na micrileictreonaice faoi thionscnamh IPCEI, tionscadail Taighde agus Forbartha i réimse an chomhshaoil agus i réimse an iompair, chomh maith le hinfheistíochtaí príobháideacha a spreagadh le ciste caipitil fiontair le haghaidh teicneolaíochtaí straitéiseacha. I gcaibidil REPowerEU tá infheistíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu dlús a chur le forbairt agus glacadh fuinnimh in-athnuaite.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(72) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(73) Measadh gurb iad na socruithe a mhol an tSeicia sa chéad phlean téarnaimh agus athléimneachta an t-íosmhéid (rátáil B) a bhí riachtanach chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú agus comhlánaíodh iad trí bhearta a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar laigí atá fós ann maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú trí thacar garspriocanna tiomnaithe a bheidh le comhlíonadh roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht. Chomhlíon an Coimisiún na garspriocanna sin go léir ina dhiaidh sin agus rinne sé measúnú dearfach orthu mar chuid den chéad iarraidh ar íocaíocht. Dá bhrí sin, tar éis na socruithe sin a chur chun feidhme, tá údar le rátáil A faoin gcritéar measúnaithe sin.

(74) Tá tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta freisin. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaíoch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Ina theannta sin, trí bhearta tacaíochta tiomnaithe a thabhairt isteach chun an inniúlacht riaracháin a neartú agus, go háirithe, soláthar foirne na n-údarás atá freagrach as an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme faoi Chomhchuid nua 4.1 ‘Tacaíocht shistéimeach d’infheistíocht phoiblí’, tá coinne leis go gcuirfear feabhas ar fhaireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

***Costáil***

(75) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(76) Maidir leis an measúnú costála ar an bplean bunaidh in 2021, chuir an tSeicia meastacháin ar fáil ag brath ar bhonn údar, fianaise agus modheolaíocht iomchuí le haghaidh fhormhór chostais na mbeart a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Cuireadh faisnéis costála agus doiciméid tacaíochta ar fáil go measartha. Ní raibh aon tásc ann go lagófaí réasúnaíocht , sochreidteacht agus breisíocht fhoriomlán na meastachán costais. Bhí costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus bhí sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(77) Sholáthair an tSeicia meastacháin costais aonair don chuid is mó de na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe modhnaithe agus nua a bhfuil costas gaolmhar acu a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe, ag brath ar roinnt foinsí chun údar a thabhairt leo. Maidir leis na bearta nuashonraithe, tá an nuashonrú bunaithe ar choigeartuithe ar na costais aonaid de bharr éifeacht an bhoilscithe ard san earnáil, nó ar thorthaí na dtairiscintí a rinneadh le haghaidh tionscadail chomhchosúla reatha nó fiú ar thorthaí na dtairiscintí don tionscadal ceannann céanna i gcás ina bhfuil tús curtha lena chur chun feidhme cheana féin. Maidir leis na bearta a tugadh isteach le déanaí, ríomhadh na costais trí chuir chuige ó bhun aníos a úsáid, agus tagairt á déanamh do phraghsanna margaidh nó praghsanna aonad comhchosúla in infheistíochtaí roimhe seo le haghaidh na bpríomhspreagthaí costais, nó ó

mheastacháin ar chostais arna ndíorthú ó shonraí costála infheistíochtaí comhchosúla a rinneadh. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta. Tá méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le cineál agus saghas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sochreidte. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an tSeicia nach gcumhdaítear méid na gcostas measta iomlán le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(78) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, tá siad leormhaith (rátáil A) chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus tá coinne leis go ndéanfadh siad cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(79) Cé go raibh an tuairisc ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus socruithe eile chun coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú inghlactha agus gur mhol an Coimisiún measúnú dearfach a dhéanamh ar an gComhairle nuair a cuireadh an plean bunaidh isteach, leagadh síos garspriocanna breise lena n-éilítear, *inter alia*, iniúchadh tiomnaithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a bheidh le déanamh ag an gcomhlacht iniúchóireachta náisiúnta, athbhreithniú comhlíontachta ar na nósanna imeachta náisiúnta chun a áirithiú go mbeidh cur i bhfeidhm na húinéireachta tairbhiúla i gcomhthéacs chóras rialaithe inmheánaigh na Saoráide ailínithe go hiomlán leis an sainmhíniú ar 'úinéirí tairbhiúla' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 6 de Threoir 2015/849, arna leasú le Treoir 2018/843 agus go mbeidh eisiúint treorach ón gcomhlacht comhordaithe maidir le coinbhleacht leasa a sheachaint agus a bhainistiú faoi Rialachán (AE) 2018/1046 agus faoin dlí náisiúnta is infheidhme. Chomhlíon an Coimisiún na garspriocanna sin go léir agus rinne sé measúnú dearfach orthu mar chuid den chéad iarraidh ar íocaíocht. Ní bheidh tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia ar an measúnú dearfach sin toisc go bhfuil na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe nua a áirítear sa phlean le bheith faoi réir na nósanna imeachta iniúchóireachta agus rialaithe céanna atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le bearta eile den phlean.

---

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

*Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta*

(80) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go measartha (Rátáil B) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(81) Fuair plean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia rátáil B ar dtús as a chomhleanúnachas. Is é ba chúis leis sin, go háirithe, go raibh leibhéal níos ísle d'uaillmhian athchóirithe sa phlean bunaidh. De dheasca na héagothroime idir athchóirithe agus infheistíochtaí, laghdaíodh éifeacht na mbeart a threisíonn a chéile agus a chomhlánaíonn a chéile.

(82) Maidir leis an bplean nuashonraithe, chuir an tSeicia athchóirithe agus infheistíochtaí leis lena dtreisítear a chéile go frithpháirteach agus lena dtacaítear le cur chun feidhme infheistíochtaí nua i réimsí spriocdhírithe amhail an fuinneamh in-athnuaite agus nuachóiriú eangaí. Mar sin féin, bhí éifeacht chomhlántach na mbeart fós teoranta i gcodanna eile den phlean amhail i gcás na n-athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus leictriú na n-iarnród. D'fhéadfadh an plean tairbhe a bhaint as tuilleadh athchóirithe agus infheistíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu borradh a chur faoi athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh agus leictriú na n-iarnród. Dhéanfadh bearta den sórt sin comhlánú breise ar na bearta a áirítear sa phlean nuashonraithe, agus ar an gcaoi sin bheadh tionchar níos mó ag cistiú le haghaidh na saoráide téarnaimh agus athléimneachta. Dá bhrí sin, éilíonn an plean rátáil B le haghaidh an chomhleanúnachais. Ina theannta sin, chuir an tSeicia in iúl go raibh rún aici bearta breise sna réimsí sin a mhaoiniú ó fhoinsí maoinithe eile nach n-áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(83) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an tSeicia chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; St 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (c), (g), (i), (j) agus (k).

*An próiseas comhairliúcháin*

(84) Le linn ullmhú an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bhain an tSeicia tairbhe as tacaíocht trí Rialachán (AE) 2021/240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 lena mbunaítear Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ('Tacaíocht do REPowerEU'). Bhí páirtithe leasmhara rannpháirteach in ullmhú na tuarascála idir mí Iúil 2022 agus mí Feabhra 2023, rud a chuir ionchur ar fáil le haghaidh dhearadh na mbeart faoi chaibidil REPowerEU. Chuaigh údaráis na Seice i gcomhairle le páirtithe leasmhara trí roinnt ardán comhairliúcháin, lena n-áirítear próiseas foirmiúil comhairliúcháin seachtaine i mí na Bealtaine 2023 ina ndearna comhlachtaí rialtais agus páirtithe leasmhara ábhartha trácht ar na tograí (e.g. comhlachais tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha amhail an Cónaidhm Tionscail, an Comhlachas Tráchtála, Aontas Chomhlachais na bhFostóirí, Comhlachais Chónaidhm na bhFostóirí na bhFiontraithe,

Comhlachas Baincéireachta na Seice agus an Ciorcal Glas). Chuir údaráis na Seice barúlacha san áireamh maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU trí thacaíocht a áireamh do thithíocht inacmhainne lena dtugtar aghaidh ar an éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe i dteaghlaigh atá leochaileach ó thaobh na sochaí de agus trí sheirbhísí comhairleacha don rabharta athchóirithe a leathnú.

(85) I gcur chun feidhme an phlean mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, téitear i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoi chuimsiú an Choiste um an gClár Téarnaimh agus Athléimneachta (a bunaíodh i mí na Bealtaine 2021) atá comhdhéanta de phríomhpháirtithe leasmhara. Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis agus na páirtithe leasmhara réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

***Measúnú dearfach***

(86) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais agus iasachta neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(87) Is é EUR 9 231 951 405 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Seicia lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don tSeicia, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Seicia lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Seicia lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 7 673 717 943 atá sa mhéid sin.

(88) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 30 Meitheamh 2023 chuir an Fhrainc iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. EUR 735 462 050 atá i gcostais mheasta iomlána na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don tSeicia, ba cheart an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don tSeicia a bheith cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 680 543 170 atá sa mhéid sin.

(89) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755[7], an 18 Feabhra 2023 chuir an tSeicia iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid; EUR 54 918 029 a bhí sa mhéid sin. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise.

(90) Ba cheart ranníocaíocht airgeadais iomlán a bheith ar fáil don tSeicia, arb é sin EUR 8 409 179 178.

***Iasacht***

(91) Thairis sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, d'iarr an tSeicia tacaíocht iasachta iomlán de EUR 818 136 635, go háirithe, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí nua sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá uasmhéid na hiasachta a d'iarr an tSeicia níos lú ná 6,8 % d'ollioncam náisiúnta 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid chostais iomlána mheasta an plean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don tSeicia, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

***Réamh-mhaoiniú REPowerEU***

(92) D'iarr an tSeicia an cistiú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 54 918 029 a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 680 543 170 a aistriú ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(93) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 30 Meitheamh 2023 d'iarr an tSeicia réamh-mhaoiniú 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don tSeicia faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir, comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an tSeicia de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú maoinithe').

(94) Cinneadh Cur Chun Feidhme 11047/21 INIT ón gComhairle; ST 11047/21 ADD 1; Ba cheart, dá bhrí sin, ST 11047/21 COR 1 an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11047/21 INIT; ST 11047/21 ADD 1; ST 11047/21 COR 1) an 8 Meán Fómhair 2021, leasaítear mar a leanas:

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

[8] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamhháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32–46).

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Seicia a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don tSeicia i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 8 409 179 142[9]. Áirítear ar an rannchuidiú sin:

(a) beidh suim de EUR 3 537 379 398 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh suim eile de EUR 4 136 338 545 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 680 543 170[10], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a);

(d) suim de EUR 54 918 029, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don tSeicia i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 914 640 681 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 147 092 240 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.';

(3) cuirtear Airteagal 2a seo a leanas isteach:

[9] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Seicia de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

[10] Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Seicia de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.

*‘Airteagal 2a*
*Tacaíocht iasachta*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht de EUR 818 136 635 ar a mhéad ar fáil don tSeicia.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear in mír 1 ar fáil don tSeicia i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

3. Beidh scaoileadh tráthchodanna de réir an Chomhaontaithe Iasachta coinníollach ar an gcistiú atá ar fáil agus ar chinneadh ón gCoimisiún, arna dhéanamh de réir Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna breise a chumhdaítear leis an iasacht comhlíonta go sásúil ag an tSeicia agus gur sainaithníodh iad i ndáil le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Chun a bheith incháilithe le haghaidh íocaíochta, déanfaidh an tSeicia na garspriocanna agus na spriocanna breise a chomhlánú tráth nach déanaí ná an 31 Lúnasa 2026’;.

(4) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

*Airteagal 2*
*Seolaithe*

Is chuig Poblacht na Seice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*